



Nósanna imeachta maidir le Scor de dheasca Easláinte do Fhoireann Neamhtheagaisc

Cúntóirí riachtanas speisialta atá fostaithe i mbunscoileanna, meánscoileanna, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha, Boird Oiliúna Oideachais (BOOanna)

agus

Oifigigh Chléireachais atá fostaithe i mbunscoileanna agus i meánscoileanna agus feighlithe atá fostaithe i mbunscoileanna, a n-íoctar a dtuarastal leo trí phárolla na Roinne Oideachais agus Scileanna

Sochar Pinsin Scoir de dheasca Easláinte:

Tá foráil ann, i Scéimeanna Aoisliúntais na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha agus i Scéim an Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), ar aistríodh a bhfeidhmeanna trí Ordú Aireachta chuig an Aire Oideachais in 1998 (I.R. Uimh. 362/1998), lena rialaítear dámhachtain sochair pinsin Scoir Breoiteachta.

Is féidir le comhaltaí na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (ar a dtugtar an Scéim Pinsin Aonair) faisnéis a fháil maidir lena gcuid sochar easláinte ón nasc a leanas:

https://singlepensionscheme.gov.ie/wp-content/uploads/2017/03/guidance_note_1_2017.pdf

Déanfar an próiseas a chinn an tAire Oideachais agus Scileanna a chur i bhfeidhm maidir le scor den sórt sin a leagan amach sa doiciméad seo.

Céimeanna

Féadfaidh suas le ceithre chéim a bheith i gceist sa phróiseas:

Céim 1 Próiseas iarratais

Céim 2 Achomharc, lena n-áireofar athbhreithniú ar an bhfianaise leighis

Céim 3 Réiteach Díospóidí Inmheánacha, lena mbaineann athbhreithniú ar phróisis riaracháin (nach n-áirítear athbhreithniú ar an bhfianaise leighis)

Céim 4 Gearán le hOifig an Ombudsman Pinsean



Incháilitheacht do shochar pinsin scoir de dheasca easláinte

Ní mór do chomhalta a bheith i seirbhís inphinsin, 5 bliana de sheirbhís inphinsin iarbhír a bheith comhlánaithe aige nó aici agus ní foláir gur bhain an tinneas dó nó di agus é nó í i mbun seirbhíse. Maidir le comhaltaí na Scéime Pinsin Aonair is é 2 bhliain an tseirbhís inphinsin iarbhír comhlánaithe.

I gcomhréir le forálacha na scéime ábhartha is féidir le comhalta a bhfuil teidlíocht pinsin chaomhnaithe aige nó aici ar feadh cúig bliana ar a laghad iarratas a dhéanamh ar phinsean scoir de dheasca easláinte

Ní fhéadfaidh comhalta iarratas a dhéanamh ar chatagóir eile pinsin faoi na scéimeanna go dtí go mbeidh toradh an iarratais ar scor de dheasca easláinte ar eolas nó mura gcuireann sé/sí in iúl don Roinn i scríbhinn gur mian leis/léi deireadh a chur leis an iarratas ar scor de dheasca easláinte.

Cúlra

Tá soláthraí Seirbhíse Sláinte Ceirde i bhfeidhm do chomhaltaí incháilithe i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna lena n-áirítear BOO agus faoi láthair tá sé nó sí ar conradh ag Cúram Sláinte Ceirde Med mark.

Ról na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS)/an Bhoird Oiliúna agus Oideachais (BOO)

Riarann ROS an scéim do chomhaltaí bunscoile, meánscoile, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha scoile a n-íoctar iad trí phárolla na Roinne Oideachais agus Scileanna. **Riarann na BOO aonair an scéim do chomhaltaí BOO.** Déanann soláthraí na Seirbhíse Sláinte Ceirde moltaí maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an comhalta in ann mar gheall ar éiglíocht intinne nó coirp a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh mar chomhlta nuair is dócha go mbeidh an éiglíocht sin buan.

Féadfaidh comhalta cinneadh a dhéanamh iarratas a dhéanamh ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte tar éis dó nó di riocht míochaine a fhorbairt agus é nó í den tuairim go bhfuil sé/sí éagumasaithe go buan agus gur dócha go mbeidh an éiglíocht leighis buan.

Ról na Seirbhíse Sláinte Ceirde (SSC)

Nuair a bhíonn SSC ag breithniú an bhfuil comhalta neamhinniúil ar bhonn buan chun a chuid nó a cuid dualgas a chomhlíonadh, cuirtear na critéir a leanas san áireamh:

- tinneas míchumais a bheith ann
- ionchas go dtiocfaidh feabhas nó téarnamh ar an duine
- míchumas buan agus iomlán
- cumas feidhme teoranta



- taiscéaladh iomlán ar na roghanna cóireála

Níl an liosta seo uileghabhálach agus déantar breithniú cúramach ar iarratas gach comhalta, ag cur san áireamh an riocht sonrath leighis, an phrognóis agus na tuarascálacha ó dhochtúirí cóireála, agus riachtanais a ndualgas.

Ní meicníocht é scor de dheasca easláinte chun casaoidí oibre a réiteach.

Ba cheart do Bhainistíocht na Scoile aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna den sórt sin.

An nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh dul ar scor de dheasca easláinte

Foirmeacha

Déantar iarratas ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte trí dhá fhoirm a chomhlánú: ní mór don lia cóireála foirm TMED 2 a sheoladh ar ais agus ní mór don iarratasóir foirm RET.D2 a sheoladh ar ais chuig ROS/BOO de réir mar is cuí.

Foirm TMED2 Le seoladh chuig SSC chun críocha measúnaithe leighis ag do dhochtúir cóireála. (Ní mór gach riocht leighis a nochtadh do san uair sin).

Foirm RET.D2 Nuair a fhaightear an fhoirm seo in ROS/BOO de réir mar is cuí cuirtear tús leis an bpróiseas riaracháin.

Próiseas

Céim 1 – Iarratas

Ní mór an t-iarratas ar scor ar phinsean de dheasca easláinte a chomhlánú ar an bhfoirm iarratais fhorordaithe, RET.D2. Ní mór don fhostóir é sin a shíniú agus a stampáil agus é a chur ar aghaidh chuig ROS nó chuig an BOO atá ina fhostóir.

- Ní mór don chomhalta an chuid ábhartha d’Fhoirm TMED 2 a chomhlánú agus a thabhairt dá lia cóireála lena comhlánú. Nuair a bheidh sé deimhnithe ag an dochtúir go bhfuil foirm TMED 2 curtha ar aghaidh chuig SSC, cuirfidh an comhalta an fhoirm iarratais RET.D2 atá comhlánaithe go hiomlán chuig ROS/BOO.
- Ní mór don dochtúir cóireála an fhoirm a chomhlánú agus tuarascáil liachta Dochtúir go Dochtúir a sholáthar do SSC. Is féidir tuarascáil ó dhochtúir speisialaithe a chur san áireamh freisin leis an tuarascáil Dochtúir go Dochtúir má tá an comhalta tar éis a bheith ag freastal ar dhochtúir speisialaithe. Níl sé inghlactha Foirm TMED 2 a chur isteach ó dhochtúir nach dochtúir cóireála reatha an chomhalta é nó í (.i. dochtúir ar freastalaíodh air nó uirthi go príomha le haghaidh tuarascáil leighis a ullmhú).



Tabhair faoi deara: níl an Roinn Oideachais agus Scileanna/BOOanna i seilbh taifid leighis, tuarascálacha nó measúnuithe an chomhalta pinsin

- Tá sé riachtanach go mbeadh an fhianaise leighis a chuirtear isteach cuimsitheach agus go bhfuil gach sonra cliniciúil ábhartha san áireamh inti. Ní mór go n-áirítear leis diagnóis, cóireáil agus prognóis.
- Is ar an gcomhalta atá an fhreagracht maidir le costas thiomsú na dtuarascálacha sin.
- Is é freagracht an chomhalta freisin é a chinntiú go gcuireann an dochtúir cóireála gach tuarascáil leighis ar aghaidh chuig SSC.
- **Ní hí** freagracht SSC é foirm TMED 2 nó tuarascálacha leighis gaolmhara a lorg.
- Nuair a fhaightear TMED 2 (lena n-áirítear na tuarascálacha riachtanacha go léir), agus fógra ón ROS/BOO go bhfuarthas foirm RET.D2, rachaidh SSC i dteagmháil leis an gcomhalta chun coinne a shocrú.
- Freastalóidh an comhalta ar mheasúnú leighis, agus beidh comhlánú foirm mheasúnaithe i gceist le cuid de sin.
- Eiseofar moladh chuig an Roinn/BOO, tar éis do SSC measúnú leighis a dhéanamh.
- Coimeádfaidh SSC tuarascáil i gcomhad
- Déanann an tAire/BOO an cinneadh maidir le hiarratas ar phinsean scoir de dheasca easláinte a cheadú nó a dhiúltú ina ról mar sholáthraí scéime pinsin. Tá an cinneadh bunaithe ar mholadh SSC.
- Eiseoidh ROS/BOO an cinneadh seo i scríbhinn go díreach chuig an gcomhalta.
- Áireofar sa litir seo an dáta scoir sa chás go n-éiríonn leis an iarratas.
- Áireofar sa litir freisin mionsonraí maidir leis an bpróiseas achomhairc sa chás nach n-éiríonn leis an iarratas. Ní chuireann toradh an phróisis achomhairc isteach ar chearta dlíthiúla chomhalta na scéime maidir le Réiteach Inmheánach Díospóidí nó Oifig an Ombudsman.

Achomhairc

Roghnaigh agus cheadaigh SSC agus Príomh-Scrúdaitheoir Leighis na Státseirbhíse roinnt liachleachtóirí cláraithe, atá cáilithe go cuí chun oiriúnacht folláine don obair a mheas, chun meicníocht achomhairc a sholáthar do chomhaltaí ar mian leo achomhairc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Aire/BOO. Cuirfear sonraí na liachleachtóirí cláraithe ceadaithe ar fáil don



chomhalta, ar iarratas ó SSC, i gcás gur dhiúltaigh an tAire/BOO an t-iarratas ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte..

Is féidir leis an gcomhalta cóip den tuarascáil measúnaithe leighis a iarraidh ó SSC.

Féadfaidh comhalta achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chun an t-iarratas ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte a dhiúltú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shonraítear thíos. Ní chuireann sé sin isteach ar chearta dlíthiúla chomhalta na scéime maidir le Réiteach Inmheánach Díospóidí nó an tOmbudsman Pinsean. Ní mór don chomhalta íoc as costas chuid an mheasúnaithe leighis den achomharc. Sa chás go n-éiríonn leis an achomharc, aisíocfar an costas leis an gcomhalta.

Déanann an tAire, mar sholáthraí pinsin (nó i gcás comhaltaí BOO, an BOO ábhartha) an cinneadh maidir le hachomharc pinsin scoir de dheasca easláinte a cheadú nó a dhiúltú. Ní chuireann sé sin isteach ar chearta dlíthiúla chomhalta na scéime maidir le Réiteach Inmheánach Díospóidí nó an tOmbudsman Pinsean.

Céim 2 – achomharc –

- *más mian le comhalta é féadfaidh sé/sí dul díreach ar aghaidh go Céim 3*

Seo a leanas an nós imeachta don chomhalta, ROS/BOO agus SSC sa phróiseas seo:

Ról an chomhalta

- Déan iarratas i scríbhinn chuig ROS/BOO laistigh de 30 lá ón dáta ar an litir ón Aire/BOO ina gcuirtear in iúl duit nár éirigh le d'iarratas ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte.
- Cuir isteach ainm an liachleachtóra chláráithe cheadaithe a roghnaíonn tú ón liosta ceadaithe atá curtha ar fáil.
- Tabhair faoi deara nach mór achomharc a dhéanamh bunaithe ar an bhfaisnéis liachta amháin a chuirtear faoi bhráid SSC i d'iarratas bunaidh. Ní féidir fianaise liachta nua a chur isteach ag an bpointe seo den phróiseas.
- Gheobhaidh tú admháil ón ROS/BOO.
- Tabharfaidh ROS/BOO fógra don SSC faoin achomharc.

Nuair a fhaigheann tú admháil ó ROS/BOO maidir le d'iarratas

- Déan teagmháil leis an liachleachtóir cláráithe ceadaithe atá roghnaithe agat agus socraigh am oiriúnach don mheasúnú.
- **Tabhair faoi deara: Ní mór an measúnú achomhairc a dhéanamh laistigh de dhá mhí ó dháta an fhógra ón ROS / BOO chuig SSC an liachleachtóra chláráithe cheadaithe roghnaithe.**



- Tú féin a íocfaidh as an measúnú. Má éiríonn leis an achomharc aisíocfar costas an mheasúnaithe.
- Sa chás nach ndéanann tú teagmháil leis an liachleachtóir cláraithe chun coinne a dhéanamh nó chun freastal ar choinne laistigh de dhá mhí rachaidh d'achomharc as feidhm go huathoibríoch. Cuirfear an méid sin in iúl duit trí litir ón ROS/BOO agus tabharfar breac-chuntas ar do chearta faoi reachtaíocht Pinsean.
- Cuirfear toradh mheasúnú an liachleachtóra chláraithe in iúl don ROS/BOO.
- Breithneofar an measúnú agus déanfaidh an tAire/BOO mar sholáthraí pinsin (nó i gcás comhaltaí BOO, an BOO ábhartha) cinneadh chun scor de dheasca easláinte a cheadú/a dhiúltú i gcomhréir leis na scéimeanna.
- Tabharfaidh an ROS/BOO breac-chuntas i scríbhinn má tá nó mura bhfuil sochar pinsin scoir de dheasca easláinte á thabhairt duit nó mura bhfuil.
- Sa chás go bhfuil sochar pinsin scoir de dheasca easláinte á thabhairt duit tabharfar breac-chuntas maidir leis an dáta óna bhfuil an sochar pinsin i bhfeidhm.
- Beidh mionsonraí maidir le do chearta faoi reachtaíocht pinsean ceangailte leis.
- Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gciallaíonn diúltú do shochar pinsin scoir de dheasca easláinte go huathoibríoch go bhfuil an duine oiriúnach ó thaobh sláinte de chun dualgais a atosú. Ní mór é sin a phlé le d'fhostóir.

Ról ROS/BOO

- Ar achomharc a fháil, cuirfidh ROS/BOO an t-achomharc in iúl do SSC agus seolfaidh siad admháil chuig an gcomhalta, le cóip den litir chuig SSC.
- Cuireann SSC in iúl don ROS/BOO mura bhfuil coinne déanta ag an gcomhalta nó murar fhreastail sé ar an réiteoir leighis laistigh de dhá mhí.
- In imthosca den sórt sin scríobhann ROS/BOO chuig an gcomhalta chun a chur in iúl go bhfuil an próiseas achomhairc imithe i léig go huathoibríoch, agus cuireann sé an comhalta ar an eolas maidir lena c(h)earta faoi reachtaíocht pinsean.
- Nuair a chuirtear toradh mheasúnú an liachleachtóra chláraithe cheadaithe in iúl don ROS/BOO, déanfaidh an tAire mar sholáthraí pinsin (nó, i gcás comhalta BOO, an BOO cuí) cinneadh chun scor de dheasca easláinte a cheadú/a dhiúltú i gcomhréir leis na scéimeanna.
- Tabharfaidh ROS/BOO breac-chuntas i scríbhinn má tá an sochar pinsin scoir de dheasca easláinte á dheonú nó mura bhfuil.
- Beidh sonraí maidir le dáta tosaithe pinsin, más cuí, agus faisnéis faoi reachtaíocht pinsin san áireamh sa litir freisin.



SSC agus ról Liachleachtóirí Cláraithe Ceadaithe

- Nuair a chuireann an ROS/BOO in iúl go bhfuil an t-achomharc i bhfeidhm, cuireann SSC tuarascálacha leighis ar aghaidh chuig an liachleachtóir cláraithe ceadaithe a roghnaíodh.
- Nuair a bhíonn an measúnú críochnaithe, seolfaidh an liachleachtóir cláraithe ceadaithe moladh chuig an ROS/BOO le haghaidh gnímh, agus tuarascáil chuig SSC chun críocha taifeadta.
- Déanfaidh SSC idirchaidreamh leis an liachleachtóir cláraithe ceadaithe chun a fháil amach má bhí an comhalta i láthair le haghaidh measúnachta. Sa chás nach ndearna an comhalta coinne, nó nár fhreastail sé ar an gcleachtóir cláraithe ceadaithe, laistigh de dhá mhí, cuirfidh SSC an méid sin in iúl don ROS/BOO.

Sonraí maidir le Céim 3 agus 4

Iarratas breise ar Scor de dheasca Easláinte

Is féidir le comhalta iarratas nua a chur isteach agus é/í fós i bhfostaíocht, (lena n-áirítear saoire bhreiteachta cheadaithe gan íocaíocht) ach **ní** fhéadfaidh sé nó sí é sin a dhéanamh níos luaithe ná **aon bhliain amháin** ó dháta an fhógra diúltaithe, nó, má rinneadh achomharc ar an gcás, ó dháta diúltaithe an achomhairc; mura bhfuil meath tromchúiseach ar bhreiteacht reatha an chomhalta, nó mura dtarlaíonn tinneas nua.

Má chinneann sé/sí iarratas nua a dhéanamh, is gá an t-iarratas a dhéanamh sa chás amháin gur scrúdaíodh na roghanna cóireála go léir maidir leis an mbreiteacht. Ní mór gur tharla an riocht dá mbreithnítear scor de dheasca easláinte nuair a bhí sé/sí i bhfostaíocht.

I gcás iarratas nua, tosaíonn an próiseas as an nua mar atá leagtha amach níos luaithe sa doiciméad seo.

Níl comhalta atá ag fáil sochar eile faoin Scéim Aoisliúntais ti dteideal iarratas a dhéanamh ar dháta níos déanaí ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte.

Le haghaidh aird ar leith an chomhalta agus Bhainistíocht na Scoile

Sa chás go ndéanann comhalta iarratas ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte, ba chóir don fhostóir a bheith airdeallach maidir leis na himpleachtaí a bhaineann le hiarratas dá leithéid.



Sa chás go ndéanann an ROS/BOO an cinneadh gan sochar pinsin scoir de dheasca easláinte a dhámhachtain, is faoin gcomhalta é an cheist a phlé lena f(h)ostóir. Ní mór don fhostóir dul i dteagmháil le SSC maidir leis an gcinneadh cibé an bhfuil sé oiriúnach don chomhalta freastal ar obair.

Sa chás go bhfaigheann comhalta sochar pinsin scoir de dheas easláinte, ní fhéadfaidh sé/sí aon dualgais a ghlacadh ina dhiaidh sin in aon scoil nó coláiste a fhaigheann maoiniú díreach nó neamhdhíreach ón Stát.

Cuirfidh an ROS/BOO in iúl do Bhainistíocht na Scoile maidir le toradh an iarratais, agus maidir le toradh aon achomhiarc ón gcomhalta; agus maidir leis an dáta scoir i gcás iarratas rathúil.

Comhalta a théarnaíonn ón mbreitheacht

Féadfaidh an ROS/BOO, ó am go ham, a cheangal ar chomhalta, a théann ar scor ar chúiseanna a bhaineann le heasláinte agus atá ag fáil sochar pinsin scoir de dheasca easláinte, fianaise leighis a chur ar fáil go bhfuil an easláinte fós ann, agus féadfar go gceanglófaí ar an duine sin freastal ar scrúdú dochtúra.

Sa chás go dtéarnaíonn comhalta ón mbreitheacht, ansin, sula nglacann sé/sí le haon cheapachán oibre, ní mór fianaise leighis úr a chur isteach lena hathbhreithniú ag SSC.

Sa chás go measann SSC go bhfuil an comhalta, a chomhlíonann na critéir incháilithe, oiriúnach ó thaobh sláinte de le haghaidh fostaíochta mar chomhalta, tá sé oscailte dó/di post a lorg.

Má mheasann SSC go bhfuil an comhalta oiriúnach ó thaobh sláinte de chun dualgais a ghlacadh, tiocfaidh deireadh le híocaíochtaí sochair phinsin láithreach. Mar sin féin, ar aois phinsin a bhaint amach, déanfar íocaíochtaí sochair phinsin caighdeánacha i gcomhréir le téarmaí na scéime pinsin. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeidh an pinsean bunaithe ar an tseirbhís ináirithe iarbhrí mar chomhalta (.i. ní chuirfear san áireamh na blianta breise a deonaíodh roimhe seo agus na híocaíochtaí pinsin á ríomh.) Laghdófar an aisce a bhronntar ar scor ina dhiaidh sin de mhéid na haisce a íocfar nuair a tharlaíonn an chéad scor.

Dáta Scoir



Sa chás go n-éiríonn le comhalta atá ag fáil tuarastail ina (h)iarratas ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte, déanann an ROS/BOO a d(h)áta scoir a chinneadh. Beidh an dáta laistigh de thréimhse 4 seachtaine tar éis an dáta ar a bhfaighfear an moladh ó SSC sa ROS/BOO.

Sa chás go bhfuil comhalta ar shos gairme, agus go n-éiríonn leis/léi ina (h)iarratas ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte, déanann ROS/BOO a d(h)áta scoir a chinneadh. Beidh an dáta laistigh de thréimhse 4 seachtaine tar éis an dáta ar a bhfaighfear an moladh ó SSC sa ROS/BOO.

I gcás comhalta atá ar saoire bhreiteachta neamhíoctha cheadaithe agus a n-éiríonn leis nó léi ina (h)iarratas ar shochar pinsin scoir de dheasca easláinte, is é dáta tosaithe an phinsin an dáta a bhfaighfear an t-iarratas ar shochar scoir de dheasca easláinte sa ROS/BOO.

Sa chás go ndéanann comhalta, ar shaoire gan phá, ar diúltaíodh sochar pinsin scoir de dheasca easláinte dó nó di roimhe sin, athiarratas ar scor de dheasca easláinte i gcomhréir leis na nósanna imeachta, agus go n-éiríonn leis/léi ina (h)iarratas nua, is é an dáta scoir an dáta a bhfuarthas a (h)iarratas nua sa ROS/BOO.

Dáta Forfheidhmithe

Tá na nósanna imeachta seo i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2011

Aonad na bPinsean



Aguisín A - Faisnéis maidir le Réiteach Inmheánach Díospóidí agus Oifig an Ombudsman Pinsean

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chinneadh maidir le gearán nó díospóid tríd an nós imeachta um Réiteach Inmheánach Díospóidí a fheidhmíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna. Féadfaidh tairbhí iarbhir nó tairbhí ionchasach, nó duine atá ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, iarratas a dhéanamh chuig an Aire ar chinneadh maidir le:

- gearán a bhaineann le cúinsí ina gcreideann sé nó sí gur bhain cailiteanas airgeadais leanúnach dó nó di de bharr gnímh drochriaracháin, nó
- aon díospóid fíorais nó dlí a eascraíonn i ndáil le gníomh, arna dhéanamh ag nó thar ceann duine atá freagrach as an Scéim seo a bhainistiú.

Iarratas -

Déanfar iarratas i scríbhinn, sínithe ag an tairbhí iarbhir nó féideartha nó thar a c(h)eann agus beidh na sonraí a leanas ann:-

- ainm iomlán, seoladh agus dáta breithe an tairbhí iarbhir nó féideartha
- an seoladh atá le húsáid le haghaidh seirbhíse nó doiciméad a bhaineann leis an iarratas
- ráiteas maidir le cineál an ghearáin nó na díospóide le dóthain sonraí chun a léiriú go soiléir go mbaineann an gearán le himthosca ina dtarlaíonn cailiteanas airgeadais leanúnach mar gheall ar ghníomh drochriaracháin, nó go léiríonn sé go soiléir díospóid fíorais nó dlí i ndáil le gníomh, arna dhéanamh ag lucht bainistíochta na Scéime seo.
- cibé faisnéis eile a theastóidh le réasún ón Aire

Uainiú

Ní mór an t-iarratas a dhéanamh laistigh de 6 mhí ón dáta a dtabharfar fógra don iarratasóir maidir leis an gcinneadh nó an gníomh faoi dhíospóid.

Cinneadh

Déanfaidh an tAire cinneadh maidir leis an iarratas agus tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don ghearánach faoin gcinneadh laistigh de 3 mhí ón dáta a fhaightear na sonraí go léir a shainítear thuas.

Áireofar sa chinneadh:

- ráiteas faoin gcinneadh
- tagairt d'aon reachtaíocht (seachas an scéim pinsin), fasach dlíthiúil, rialú an Bhoird Pinsean, rialú nó cleachtas na gCoimisinéirí Ioncaim nó ábhar eile a bhfuiltear ag brath air agus an Cinneadh á dhéanamh
- tagairt do na forálacha den scéim pinsin a bhfuiltear ag brath orthu agus an cinneadh á dhéanamh agus, sa chás go bhfeidhmítear lánrogha, tagairt do na forálacha dá chuid faoina mbronntar an lánrogha sin
- ráiteas nach bhfuil an cinneadh ina cheangal ar aon duine mura n-aontaíonn an duine i scríbhinn, i ndiaidh an cinneadh a dhéanamh, go bhfuil sé faoi cheangal aige, agus
- ráiteas gur chóir don iarratasóir a fháil amach an bhfuil an gearán nó an díospóid ina chinneadh a bhfuil dlínse ag Ombudsman na bPinsean imscrúdú a



dhéanamh air faoi alt 131 d'Acht na bPinsean 1990 (Uimh. 25 de 1990) agus gur féidir tuilleadh faisnéise a fháil i leabhrán eolais atá ar fáil ó Oifig an Ombudsman Pinsean, Urlár a 4, Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2. Teileafón (01) 5677000 nó www.fspo.ie